COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2012 (14.12)
(OR. en)

17269/12

Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0146 (COD)

TELECOM 242
MI 804
DATAPROTECT 140
EJUSTICE 86
CODEC 2915

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| Chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 10977/12 TELECOM 122 MI 411 DATAPROTECT 73 CODEC 1576 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 17126/12 TELECOM 239 MI 800 DATAPROTECT 139 EJUSTICE 85 CODEC 2889 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomhaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach - *Tuarascáil ar dhul chun cinn agus díospóireacht treoraíochta* |

*1. An 4 Meitheamh 2012, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomhaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach.*

*2. Tá an togra á scrúdú i láthair na huaire ag an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise. Chuir an Uachtaránacht an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn atá i gceangal leis seo (Iarscríbhinn I) i dtoll a chéile d'fhonn na hAirí a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus chun ceisteanna a shainaithint, ar ceisteanna iad nach mór a phlé arís.*

3. *D'fhonn struchtúr a chur ar an malartú tuairimí idir na hAirí maidir leis an togra ag an gComhairle ITF an 20 Nollaig 2012, dhréachtaigh an Uachtaránacht na ceisteanna atá i gceangal leis seo (Iarscríbhinn II).*

4. *Iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn, a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a thabhairt ar aird. Iarrfar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a leagtar amach in Iarscríbhinn II.*

________________

**Tuarascáil ar dhul chun cinn i dtaca leis an togra le haghaidh Rialacháin maidir le ríomhaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach**

## 1. RÉAMHRÁ

1. An 4 Meitheamh 2012, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh *Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomhaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach*, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. Le reachtaíocht AE atá ann cheana, eadhon *Treoir 1999/93/CE maidir le creat Comhphobail le haghaidh sínithe leictreonacha*, ní chlúdaítear i ndáiríre ach sínithe leictreonacha agus, faoi láthair, ní hann do chreat cuimsitheach dlíthiúil de chuid an AE le haghaidh ríomhaitheantais agus ríomh-fhíordheimhniú. Ar dhá ghníomhaíocht thábhachtacha a sainaithiníodh sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip tá an t-athbhreithniú ar an Treoir agus bunú an chreata dhlíthiúil ar mhaithe le haitheantas frithpháirteach an ríomhaitheantais agus an ríomh-fhíordheimhniú. Chomh maith leis sin, luaitear na tograí sin sa Ghníomh um an Margadh Aonair agus i dTreochlár an AE um Chobhsaíocht agus Fás. D'iarr an Chomhairle Eorpach, cúpla uair anois, treabhadh chun cinn leis an togra sin.

2. Tar éis an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis a chur i láthair den chéad uair i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2012, rinne an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise de chuid na Comhairle (dá ngairtear 'WP TELE' anseo feasta) mionscrúdú ar an togra ag roinnt cruinnithe faoi Uachtaránacht na Cipire. Cé gur díol sásaimh é an togra do na toscaireachtaí i gcoitinne agus cé go dtuigeann siad an tábhacht atá leis don Mhargadh Aonair Digiteach, sainaithníodh go leor ceisteanna, le linn an phlé, idir cheisteanna ginearálta agus cheisteanna de chineál teicniúil, nach mór féachaint go grinn orthu arís. Anuas air sin, ní mór a chuimhneamh go gcaithfear comhordú substaintiúil a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ó thárla gur togra casta é, agus áireoidh sin aireachtaí éagsúla agus ranna rialtais éagsúla i bhformhór na gcásanna.

3. Bunaithe ar an bplé a rinne an WP TELE agus bunaithe ar na tuairimí i scríbhinn a fuarthas ó na toscaireachtaí, chuir Uachtaránacht na Cipire tuarascáil ar dhul chun cinn i dtoll a chéile d'fhonn na hAirí a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus d'fhonn aird a tharraingt ar shaincheisteanna achrannacha sa togra. Ba cheart go gcuideodh an tuarascáil sin ar dhul chun cinn le seasamh na Comhairle, faoi Uachtaránacht na hÉireann, maidir leis an téacs a fhorbairt ag féachaint do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

4. I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Marita Ulvskog (coiste ITRE) mar rapóirtéir. Táthar ag súil go mbeidh a dtuairimí á dtabhairt uathu ag coiste IMCO, LIBE agus JURI agus tá ról speisialta choiste IMCO i dtaca le forálacha áirithe den togra á phlé fós. Beartaíodh go mbeadh an chéad mhalartú tuairimí ag coiste ITRE an 18 Nollaig 2012, agus tá sé beartaithe go rachadh an coiste i mbun vótála an 9 Iúil 2013.

## 2. AN TOGRA ÓN GCOIMISIÚN

1. Sa togra, tá an Coimisiún ag iarraidh go dtabharfaí aitheantas frithpháirteach don ríomhaitheantas ar fud an AE, go nglacfaí leis ar fud an AE agus go dtabharfaí éifeacht dhlíthiúil agus aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí iontaoibhe. Is é is aidhm don togra cur leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le ríomhshínithe agus creat dlíthiúil a chur ar fáil do sheirbhísí eile iontaoibhe, amhail ríomhshéalaí, stampaí ama, inghlacthacht ríomhdhoiciméad, ríomhsheachadadh agus fíordheimhniú suíomhanna gréasáin.

2. Ríomhaitheantas (Caibidil II den togra)
Is éard atá i gceist le 'ríomhaitheantas' (eID) an próiseas ina mbaintear úsáid as sonraí aitheantais duine i bhfoirm leictreonach, ar sonaí iad a léiríonn, gan débhrí, duine nádúrtha nó dlítheanach. Tá córas eID de shaghas éigin tugtha isteach ag go leor Ballstát; ach tá éagsúlacht mhór idir na córais sin, áfach. Ní hé is aidhm don togra córais eID na mBallstát a chomhchuibhiú, ach éilíonn sé go dtabharfaí aitheantas frithpháirteach do chórais éagsúla náisiúnta eID.

Ba cheart don aitheantas frithpháirteach a bheith i bhfeidhm maidir le modhanna eID a eisítear faoi scéim ar thug an Ballstát fógra ina leith don Choimisiún agus a áiríodh dá éis ar liosta na scéimeanna ar tugadh fógra ina leith agus a foilsíodh san *Iris Oifigiúil*. Is faoin mBallstát atá i dtrácht a bheidh sé a chinneadh an dtabharfar fógra faoi scéim ar leith. Leagtar amach sa togra na ceanglais incháilitheachta maidir le fógra a thabhairt agus leagtar síos ann na rialacha a bhaineann leis an nós imeachta um fhógra a thabhairt.

Ina theannta sin, éilítear leis an Rialachán atá beartaithe go n-oibreodh na Ballstáit as lámha a chéile chun idir-inoibritheacht agus slándáil na modhanna eID a áirithiú.

3. Seirbhísí iontaoibhe (Caibidil III den togra)

Sa Rialachán atá beartaithe, tá roinnt forálacha ginearálta a bheidh infheidhme maidir leis na seirbhísí iontaoibhe uile. Cumhdaíonn na forálacha sin, i measc nithe eile, dliteanas soláthróirí seirbhísí iontaoibhe, aitheantas do sheirbhísí iontaoibhe cáilithe atá á gcur ar fáil ag soláthróirí atá bunaithe i dtríú tíortha, saincheisteanna maidir le cosaint sonraí agus inrochtaineacht sheirbhísí iontaoibhe i gcás daoine faoi mhíchumas.

4. Maidir le maoirsiú, cuireann an togra de cheangal ar na Ballstáit comhlachtaí maoirseachta a bhunú, leagtar amach ann na cúraimí a bheidh orthu agus foráiltear do shásra cúnaimh fhrithpháirtigh eatarthu. Cuirtear de cheangal ar sholáthróirí seirbhísí iontaoibhe bearta a ghlacadh chun rioscaí slándála a bhainistiú agus tugtar isteach ceanglais maidir le fógra a thabhairt i gcás sáruithe slándála. Beidh soláthróirí seirbhísí iontaoibhe cáilithe faoi réir ceanglas breise agus faoi réir iniúchta thráthrialta. Leagtar amach sa togra an nós imeachta maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe cáilithe a thionscnamh agus ról na gcomhlachtaí maoireachta faoi seach ina leith sin. Lena chois sin, leagtar síos na rialacha maidir le liostaí iontaofa a bhainistiú, ar liostaí iad ina bhfuil faisnéis faoi sholáthróirí seirbhísí iontaoibhe cáilithe i ngach Ballstát.

5. An Rialachán atá beartaithe, cuirfidh sé leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair i dtaca le ríomhshíniú, feabhsóidh sé an creat sin agus tiocfaidh sé in ionad Treoir 1999/93/CE atá ann cheana. Leis an togra, leagtar amach na rialacha a bhaineann le héifeacht dhlíthiúil ríomhshíniú an duine nádúrtha agus tugtar isteach oibleagáid an éifeacht dhlíthiúil chéanna atá ag sínithe lámhscríofa a bhronnadh ar ríomhshínithe cáilithe. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go nglacfar ar bhonn trasteorann le ríomhshínithe cáilithe agus seirbhísí poiblí á soláthar, agus níor cheart dóibh aon cheanglais bhreise a thabhairt isteach. Ina theannta sin, leagtar amach sa togra na ceanglais maidir le deimnithe ar ríomhshínithe cáilithe agus leagtar síos rialacha maidir le gléasanna a chruthaíonn ríomhshínithe cáilithe, agus an nós imeachta deimhniúcháin agus na liostaí deimhniúcháin a fhreagraíonn dóibh. Ar deireadh, leagtar síos ann na ceanglais agus na coinníollacha maidir le ríomhshínithe cáilithe a fhíordheimhniú agus a chaomhnú go fadtéarmach.

6. Chomh maith leis na rialacha maidir leis an ríomhshíniú, cuireann an togra creat bunúsach dlíthiúil ar fáil do sheirbhísí iontaoibhe eile. Leagtar síos sa togra na rialacha maidir le héifeachtaí dlíthiúla agus le hinghlacthacht ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhdhoiciméad agus ríomhsheachadta in imeachtaí dlí agus leagtar amach oibleagáid maidir le toimhde dhlíthiúil ar leith agus maidir le hinghlacthacht na seirbhísí sin sna Ballstáit más seirbhísí cáilithe iad. Lena chois sin, leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe na ceanglais maidir le deimhnithe cáilithe i gcás fíordheimhniú suíomhanna gréasáin agus foráiltear ann gur cheart iad a aithint sna Ballstáit uile.

## 3. PRÍOMHFHREAGAIRTÍ GINEARÁLTA NA dTOSCAIREACHTAÍ

1. Tuigtear don Uachtaránacht gur díol sásaimh do na toscaireachtaí, i bprionsabal, iad cuspóirí thogra an Choimisiúin. Mar sin féin, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn sa phlé a rinne WP TELE agus caithfear féachaint orthu arís go mion. Tá an tuarascáil seo gan dochar do phointí áirithe leasa agus do thuairimí mionsonraithe na dtoscaireachtaí aonair agus do na forálacha a áirítear sa togra, nár thug WP TELE aghaidh i gceart go fóill orthu.

2. Thug na toscaireachtaí aghaidh ar go leor ceisteanna, ar go leor ábhair imní agus ar go leor iarrataí ar shoiléiriú a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Rinne an Coimisiún iarracht aghaidh a thabhairt orthu ag cruinniú WP TELE agus trí roinnt doiciméad neamhfhoirmiúil. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna ann i gcónaí atá doiléir agus a gcaithfear tuilleadh anailíse agus soiléirithe a dhéanamh ina leith.

3. Maidir le saincheisteanna ginearálta, ba chúis imní do na toscaireachtaí é a chasta atá an togra agus theastaigh uathu gur fearr an dheimhneacht dhlíthiúil agus an tsoiléireacht a bheadh ag baint leis. Cheistigh roinnt mhaith toscaireachtaí an tionchar a bheadh ag an togra ar an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana agus an costas a bhainfeadh leis an gcóras nua sin a chur i bhfeidhm. Theastaigh ó na toscaireachtaí go soiléireofaí an bealach a réiteofar gnéithe teicniúla agus eagríochtúla den idir-inoibritheacht agus, i gcás eID, an bealach a mbainfear leibhéil inchomparáide slándála amach ar fud an AE. Tharraing na toscaireachtaí aird ar an ngá atá le neodracht teicneolaíochta a urramú sa togra agus cosaintí iomchuí a áirithiú i gcás sonraí pearsanta i dtaca le eID. Ar deireadh, ba chúis imní d'fhormhór na dtoscaireachtaí an líon gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme atá á úsáid síos tríd an togra.

4. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur cúis imní dóibh é an ionstraim dlí a roghnaíodh, is é sin le rá gur Rialachán a roghnaíodh seachas Treoir nó Cinneadh. Chomh maith leis sin, bhí amhras ar roinnt toscaireachtaí ar cheart ríomhaitheantas agus ríomhshíniú a chumhdach san aon phíosa reachtaíochta amháin. Thug an Coimisiún aghaidh ar na ceisteanna sin i ndoiciméad neamhfhoirmiúil. Cé go bhfuil amhras fós ar roinnt toscaireachtaí, tá an chuma air go bhféadfaidh formhór na dtoscaireachtaí tacú le Rialachán aonair mar ionstraim iomchuí dlí.

5. Scrúdaigh an WP TELE forálacha reachtacha nithiúla an togra ar bhonn na gcnuas seo a leanas, lena gcumhdaítear príomhghnéithe an togra:

- Cnuas 1: Forálacha ginearálta (Caibidil I)
- Cnuas 2: Seirbhísí iontaoibhe (Caibidil III)
    1. Forálacha ginearálta (Roinn 1)
    2. Maoirsiú (Roinn 2)
    3. Ríomhshíniú (Roinn 3)
    4. Seirbhísí iontaoibhe eile (Ranna 4 go 8)

- Cnuas 3: Ríomhaitheantas (Caibidil II)
- Cnuas 4: Gníomhartha tarmligthe, gníomhartha cur chun feidhme agus forálacha deiridh (Caibidil IV, Caibidil V, Caibidil VI) agus brollach.

Tugtar príomhfhreagairtí na dtoscaireachtaí maidir leis na trí chnuas sin thíos.

**Cnuas 1: Forálacha ginearálta (Airteagail 1 - 4)**

6. D'iarr na toscaireachtaí go gcuirfí na forálacha maidir leis an ábhar agus le raon feidhme an Rialacháin a bheartaítear ar bhealach eile chun níos mó soiléireachta agus cinnteachta dlíthiúla a bhaint amach. Mhol roinnt toscaireachtaí go dtabharfaí eolas faoi níos mó cuspóirí a bhaineann leis an ábhar (amhail iontaoibh a chothú nó feidhmiú cuí na gcóras ríomh-Rialtais) in Airteagal 1. Bhí soiléiriú á lorg ag toscaireachtaí faoin gciall a bhaineann leis na frásaí "..na Ballstáit....a chuirtear ar fáil ar a son nó faoina bhfreagracht" agus "atá bunaithe ar chomhaontuithe deonacha faoin dlí príobháideach" in Airteagal 2 agus cheistigh siad i ndáil leis an méid sin, an mbeadh feidhm ag an Rialachán a bheartaítear maidir leis an earnáil phríobháideach agus an dóigh ina mbeadh feidhm aige.

7. D'fhiosraigh na toscaireachtaí an fáth ar athraíodh a lán de na sainmhínithe atá sa chreat reatha dlíthiúil. D'iarr siad soiléiriú i ndáil lena lán de na sainmhínithe sin nó go gcuirfí ar bhealach eile iad, agus mhol siad gur cheart níos mó sainmhínithe a chur isteach. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go ndéantar tagairt lena lán de na sainmhínithe do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, don mhéid a d'fhéadfadh a bheith difriúil idir na Ballstáit agus don mhéid a bhféadfaí a shoiléiriú sa togra. D'fhéadfadh feidhmiú an togra i ndáil le heintitis gan pearsantacht dhlíthiúil a mheas freisin. Meabhraítear go ndéantar na sainmhínithe a athbhreithniú de réir a dhéantar dul chun cinn leis an obair.

**Cnuas 2: Seirbhísí iontaobhais**

8. Ag féachaint do na forálacha a bhaineann le seirbhísí iontaobhais, d'áitigh na toscaireachtaí gur cheart go mbeadh an téacs níos beaichte agus gur cheart teanga dhébhríoch agus mhíshoiléir a sheachaint.

**Forálacha ginearálta (Airteagail 9 - 12)**

9. Bhí a lán toscaireachtaí den tuairim gur cheart dliteanas na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe a theorannú ó tharla go bhféadfadh dliteanas neamhtheoranta feidhmiú mar dhíspreagadh i ndáil le forbairt an tionscail sheirbhíse iontaoibhe. Bhí soiléiriú ag teastáil ó roinnt toscaireachtaí faoin mbealach ina gcinnfear go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe ó thríú tíortha na ceanglais, ar shuí an AE nach mór do sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe comhlíonadh. Tá amhras ar roinnt toscaireachtaí faoin mbealach ina mbainfear amach an chothromaíocht cheart idir urraim do phríobháideachas agus an gá atá le hiontaoibh agus muinín i gcásanna ina mbaintear úsáid as ainm bréige. I ndáil le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, d'fhiosraigh roinnt toscaireachtaí an chiall atá le "a mhéad is féidir é" in Airteagal 12.

**Maoirseacht (Airteagail 13-19)**

10. Chomhaontaigh tromlach na dtoscaireachtaí gur cheart go mbeadh an togra níos beaichte i ndáil leis na cúraimí, cumhachtaí, modhanna agus nósanna imeachta ábhartha an chomhlachta mhaoirseachta agus bhí eagla ar chuid acu go bhféadfadh forluí a bheith ann le tograí reachtacha eile (amhail na cinn ar chosaint sonraí nó cibearshlándáil). Bhí míniúcháin ó thoscaireachtaí áirithe maidir leis an mbealach ina bhféadfadh comhlacht ainmnithe maoirseachta a bunaíodh i mBallstát eile gníomhú "faoi fhreagracht an Bhallstáit ainmniúcháin". Bhí roinnt toscaireachtaí imníoch siocair go mbeadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe faoi réir gníomhaíochtaí faireacháin an chomhlachta mhaoirseachta. Bhí an chuma ar a lán toscaireachtaí go raibh amhras orthu maidir le méid na hoibleagáide tuairiscithe.

11. D'iarr na toscaireachtaí níos mó faisnéise agus b'fhéidir sainmhíniú, ar an "gcomhlacht neamhspleách aitheanta" a dhéanfaidh iniúchtaí slándála ar na soláthraithe seirbhíse. Phléigh na toscaireachtaí freisin ar cheart an oibleagáid iniúchta a chur i bhfeidhm i gcás soláthraithe neamhcháilithe agus shoiléirigh an Coimisiún nach mar sin a bheadh an cás. Mheas cuid de na toscaireachtaí go raibh an ceanglas maidir le tuarascáil ar an iniúchadh slándála a chur isteach ar bhonn bliantúil i gcás na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe ródhian agus/nó róchostasach agus cheap toscaireachtaí eile nár cheart go ndíreofaí leis an iniúchadh ach ar cheanglais slándála agus go gcumhdófaí na hoibleagáidí uile leis freisin. Cheistigh a lán toscaireachtaí an prionsabal go bhféadfaí soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe tosú agus seirbhísí a chur ar fáil a luaithe a chuirfidh siad fógra isteach, sin le rá sula mbeidh siad fíoraithe ag an gcomhlacht maoirseachta.

12. Luaigh cuid de na toscaireachtaí nach bhfuil sé go hiomlán soiléir cé acu comhlacht a bheadh freagrach as a fhíorú go bhfuil ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe agus leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil, agus dhearbhaigh an Coimisiún gur an comhlacht Maoirseachta a bheadh freagrach as an méid sin. Maidir leis na ceanglais i gcás na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, bhí soiléiriú a lorg ó thoscaireachtaí i ndail lena lán saincheisteanna, e.g. maidir le céannacht an duine a n-eisiatar an deimhniú ina leith a fhíorú agus maidir leis an mbeartas cúlghairme. Bhí cuid de na toscaireachtaí den tuairim nár cheart déileáil le ar a laghad cuid de na forálacha maidir leis na ceanglais do sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe (cáilithe) sa roinn a bhaineann le maoirseacht.

**Ríomhshíniú (Airteagail 20 -27)**

13. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú maidir le héifeachtaí dlíthiúla na ríomhshínithe in imeachtaí dlíthiúla agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an dlí náisiúnta nós imeachta. Chuir a lán toscaireachtaí ceist faoi na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis an bhfrása "Aithneofar agus glacfar ... i ngach Ballstát" (Airteagal 20(3)). Bhí imní ar thoscaireachtaí freisin maidir le ríomhshínithe lenar bhain leibhéal dearbhaithe slándála níos ísle a ghlacadh agus bhí siad den tuairim, siocair gur gné riachtanach den togra iad leibhéil slándála, nár cheart go bhfágfar i muinín na ngníomhartha tarmligthe iad. Iarradh níos mó soiléireachta i ndáil le bailíochtú agus caomhnú na ríomhshínithe cáilithe agus leis an téarmaíocht agus leis an bhfoclaíocht a úsáideadh san forálacha faoi seach. Bheadh cuid de na toscaireachtaí sásta dá n-áireofaí sainmhínithe ar bhailíochtú agus ar chaomhnú sa togra.

**Seirbhísí iontaoibhe eile (Airteagal 28-37)**

14. I gcás na saincheiste maidir le ríomhshéalaí, d'argóin a lán toscaireacht gur cheart an coincheap a shoiléiriú agus gur cheart níos mó sonraí a chur ar fáil sa togra. Go háirithe, mheas na toscaireachtaí gur cheart an scóip i ndáil le húsáid, glacadh agus éifeacht na ríomhshéalaí i gcás tríú páirtithe a lua ar bhealach níos soiléire. Níor cheistigh mórán toscaireachtaí luach breise na bhforálacha maidir le ríomhshéalaí mar atá. Bhí neamhchinnteacht ann maidir lenar cheart breathnú ar ríomhshéalaí mar bhealach chun daoine dlítheanacha a aithint agus shoiléirigh an Coimisiún nach mar sin a bheadh an cás. Tharraing roinnt toscaireachtaí anuas an tsaincheist faoinár cheart úsáid ríomhshínithe a leathnú chun go gcumhdófaí leo daoine nádúrtha agus eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil acu, e.g. páirtithe polaitiúla. Mhol roinnt toscaireachtaí gur cheart go n-áireofaí ar Iarscríbhinn II, ina gcuirtear síos ar na ceanglais do dheimhniú cáilithe ríomhshéalaí, aitheantóir uathúil "sraithuimhir ábhair" mar bhealach soiléir chun an duine dlítheanach a aithint. Beidh feidhm *mutatis mutandis* maidir le ríomhshéalaí ag tuairimí a lán de na toscaireachaí ar ríomhshínithe

15. Maidir le doiciméid leictreonacha, cheistigh roinnt toscaireachtaí an breisluach a ghabhann leis na hAirteagal ábhartha mar gur bhraith siad go leantar rialacha áirithe maidir le ríomhdhoiciméid cheana as Airteagal 20 agus Airteagal 28. Bhí toscaireachtaí neamhchinnte faoin mhéid a mbeadh ríomhdhoiciméid inghlactha in imeachtaí dlíthiúla agus faoina bhféadfadh an chúirt measúnú a dhéanamh ar shláine agus ar bharántúlacht na ndoiciméad sin.

16. Maidir le fíordheimhniú an láithreáin ghréasáin, cheistigh na toscaireachtaí an breisluach a ghabhann le forálacha mar sin freisin. Bhí soiléiriú á lorg ó roinnt toscaireachtaí faoin mbealach inar cheart na forálacha sin a chur chun feidhme i gcleachtas agus faoin gcúis nach bhféadfaí deimhniú ar fhíordheimhniú láithreáin ghréasáin a eisiamh ach do dhaoine dlítheanacha.

**Cnuas 3: Ríomhaitheantas (Airteagail 5 - 8)**

17. Ba dhíol sásaimh do thromlach na dtoscaireachtaí an tionscnamh maidir le creat dlíthiúil a chur ar fáil chun go nglacfar modhanna eID ar bhealach frithpháirteach. Chuir na toscaireachtaí i bhfáth go láidir, áfach, go bhfuil téacs an togra casta agus d'iarr siad níos mó cinnteachta dlíthiúla agus níos mó soiléireachta.

18. Chuir a lán toscaireachtaí imní in iúl maidir leis an réasúnaíocht taobh thiar den togra lena n-éilítear go nglacfaidh na páirtithe uile is úsáideoirí na eIDanna uile a fhógraítear beag beann ar na leibhéil slándála a chuirfear i bhfeidhm. Mhol cuid de na toscaireachtaí gur cheart "íosleibhéil slándála" chomhchuibhithe a lua go soiléir sa togra, agus dá gcloífí leo, go mbeadh na scéimeanna eID incháilithe chun go bhféadfadh an Ballstát faoi seach fógra a thabhairt ina leith. Trí íosleibhéal slándála a shainiú, chuirfí cosc ar an sásra aitheantais fhrithpháirteach córas náisiúnta ard-slándála a chur i mbaol le córas níos laige ó Bhallstát eile. Mhol toscaireachtaí eile go bhféadfaí, mar rogha eile, prionsabal na comhalartachta a áireamh maidir leis na leibhéil slándála atá sa togra.

19. Cheistigh a lán toscaireachtaí an mbaineann an fhoráil maidir le haitheantas frithpháirteach agus glacadh na eIDanna le ríomhaitheantas daoine nádúrtha amháin nó le ríomhaitheantas daoine dlítheanacha nó eintiteas eile freisin. I ndáil leis an méid sin, chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh siad den tuairim gur cheart raon feidhme an iarratais a lua go soiléir.

20. Bhí imní ar thoscaireachtaí maidir le cur chun feidhme teicniúil na bhforálacha maidir le eID agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige i dtéarmaí an ama a éilítear agus na costais a bheidh i gceist do na páirtithe lena mbaineann. D'fhéadfadh roinnt toscaireachtaí tacú le cur chuige céimneach maidir leis an gcur chun feidhme, agus chuir siad in iúl go bhfuil an tréimhse sé mhí a leagadh amach in Airteagal 7 róghearr mar thréimhse oiriúnaithe do sholáthraithe eID agus do sholáthraithe seirbhísí ar líne. Tá idir-inoibritheacht theicniúil ríthábhachtach i ndáil leis an méid sin agus ní thuigeann cuid de na toscaireachtaí mar a fhéadfar é a bhaint amach mura fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglais shonracha theicniúla (Airt. 6 (1) d).

21. Chuir a lán toscaireachtaí ceist faoin tionchar a bheadh ag an Rialachán beartaithe maidir leis na córais náisiúnta agus na samhlacha gnó atá ann cheana agus faoi chur i bhfeidhm na gcártaí eID earnálacha (e.g. ríomhShláinte). Thairis sin, tá gá ann a áirithiú go bhféadfaí fógra a thabhairt do na córais a tugadh isteach cheana sna Ballstáit.

22. Maidir le dliteanas na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 6 (e), díríodh an plé ar mhéid, ar iarmhairtí agus ar chur chun feidhme praiticiúil an dliteanais airgeadais. Bhí a lán toscaireachtaí den tuairim go dtéann an fhoráil sin rófhada agus gur cheart an dliteanas a theorannú. D'iarr a lán toscaireachtaí sainmhíniú soiléir ar an méid a chumhdaítear le "a lua ....gan débhrí". Níor tháinig cuid de na toscaireacht leis an tuairim maidir le seirbhísí fíordheimhnithe trasteorann a chur ar fáil saor in aisce.

23. Bhí an chuma ar thoscaireachtaí nach raibh siad cinnte an bhféadfadh soláthraithe príobháideacha a bheith incháilithe i ndáil le fógra a thabhairt de bhun Airteagal 7 agus dhearbhaigh an Coimisiún go bhféadfaí sin a dhéanamh. D'iarr roinnt toscaireachtaí míniú ar an mbrí atá le "is é an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra....ar a shon nó faoina fhreagracht" in Airteagal 6 (a). Bhí amhras ar thoscaireachtaí freisin maidir lena bhféadfadh Ballstáit dliteanas a ghlacadh as iompar neamartach soláthraithe príobháideacha.

**<u>Cnuas 4: Gníomhartha tarmligthe, gníomhartha cur chun feidhme agus forálacha deiridh (Airteagal 38 - 42)</u>**

24. Bhí imní ar thoscaireachtí faoin tagairt fhorleathan a rinneadh do ghníomhartha tarmligthe síos tríd an Rialachán. Mhol siad go bhféadfaí an úsáid a bhaintear as gníomhartha tarmligthe a theorannú chun gnéithe neamhriachtanacha lena mbaineann nádúr níos teicniúla a fhorlíonadh nó a leasú agus bhí siad den tuairim nach mar sin a bhí i gcónaí sa togra. B'fhearr le cuid de na toscaireachtaí gníomhartha cur chun feidhme a úsáid in ionad na ngíomhartha cur chun feidhme. Thairis sin, chuir a lán toscaireachtaí in iúl go mbeadh cur chun feidhme an Rialacháin a bheartaítear casta mura mbeidh na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha agus na caighdeáin agartha uile a ghabhann leo i bhfeidhm nuair a bheidh an Rialachán infheidhme.

25. Chuir na toscaireachtaí in iúl freisin go raibh siad imníoch faoin tréimhse cur chun feidhme agus faoin idirlinn idir teacht i bhfeidhm an Rialacháin agus a fheidhmiú. Tá an Rialachán a bheartaítear in ainm teacht i bhfeidhm agus a bheidh infheidhme 20 lá tar éis an dáta a fhoilseofar é san Iris Oifigiúil, agus measann a lán toscaireacht nach bhfuil sin réalaíoch. Mhol na toscaireachtaí mar sin tréimhsí aistrithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun go bhféadfadh an earnáil oiriúnú a dhéanamh don reachtaíocht nua. D'fhéadfaí cur chuige céimnithe a bheartú freisin.

**Ceisteanna i ndáil le tuairimí a mhalartú**
**ag an gComhairle ITF an 20 Nollaig 2012**

Féachtar leis an gcreat dlíthiúil a bheartaítear ríomh-idirghníomhaíochtaí slána rianúla a chumasú idir gnólachtaí, saoránaigh agus údaráis phoiblí, rud a mhéadóidh éifeachtacht na seirbhísí trasteorann ar líne, an ríomhghnó agus na ríomhthráchtála san AE. Meastar go gcuirfear go mór leis an gcreat le margadh aonair digiteach lán-chomhtháite a bhaint amach. D'iarr an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile go nglacfar go mear leis an togra sin.

- **Agus raon feidhme agus castacht an Rialacháin a bheartaítear a chur san áireamh, ar Rialachán é lena gcumhdaítear ríomhaitheantas, ríomhshínithe agus seirbhísí eile iontaoibhe, cad iad na saincheisteanna ar cheart díriú orthu le dul chun cinn a áirithiú maidir leis an bpíosa reachtaíochta sin a rachaidh chun tairbhe saoránach, gnólachtaí (go háirithe FBManna) agus údarás poiblí san AE?**

Bunaítear an córas aitheantais fhrithpháirtigh ríomhaitheantais a bheartaítear leis an Rialachán ar fhreagracht aonair na mBallstát as scéimeanna ríomhaitheantais ar an leibhéal náisiúnta, ar iontaoibh fhrithpháirteach agus ar chomhar idir na Ballstáit agus ní leagtar aon íoscheanglais shlándála síos sa Rialachán. Mar a léirítear sa tuarascáil ar an dul chun cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I, áfach, tá difríocht mhór idir na leibhéil slándála ar fud na hEorpa agus is léir go bhfuil imní mór ar a lán Ballstát, go háirithe na cinn a bhfuil córais náisiúnta ardslándála acu faoin éifeacht dochrach a d'fhéadfadh a bheith ag an sásra frithaitheantais.

- **I bhfianaise an méid atá thuas an n-aontaíonn sibh go dtabharfaí aghaidh ar bhealach éifeachtach ar na hábhair imní sin leis na híosleibhéil slándála chomhchuibhithe le haghaidh ríomhaitheantais atá sa Rialachán a bheartaítear agus an gcabhrófaí leo slándáil leordhóthanach a áirithiú i ndáil le hidirbheartaíochtaí trasteorann ar fud an AE.**